Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10632 – WATERLAND / DUVENBECK)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 114/07)

1. An 2 Márta 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Waterland Private Equity Investment B.V. ("Waterland", an Ísiltír),

— Duvenbeck Group ("Duvenbeck"), cuideachta atá á rialú ag Thomas Duvenbeck Holding GmbH faoi láthair (tá an dá chuideachta lonnaithe sa Ghearmáin).

Faigheann Waterland rialú aonair ar Duvenbeck ina iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— le haghaidh Waterland: Grúpa neamhspleách infheistíochta cothromais phríobháidigh atá dírithe ar sheachfhoinsiú & digitiú, fóillíocht & sóchas, inbhuanaitheacht agus aosú an daonra. Tá Waterland gníomhach san Eoraip go príomha, go háirithe in Benelux, sa Ghearmáin agus sa Ríocht Aontaithe.

— le haghaidh Duvenbeck: Soláthraí lóistíochta a thairgeann lóistíocht tríú páirtí agus príomhsheirbhísí lóistíochta, lóistíocht ar conradh, seirbhísí seolta lasta agus cóimeáil éadrom. Tá Duvenbeck gníomhach sa Ghearmáin, san Ostair, sa Pholainn, i bPoblacht na Seice, sa tSlóvaic, san Ungáir, sa Rómáin agus sa Spáinn go príomha.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10632 – WATERLAND / DUVENBECK

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË